Ard-Mhúsaem na hÉireann
National Museum of Ireland

museum

Post oscailte

# Oifigeach Córas Bailiúcháin – Rochtain Dhigiteach agus Cáilíocht Sonraí

Coimeádaí Cúnta Grád II, Lánaimseartha, Trí Bliana, Post Téarma Seasta

—

Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7

**Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais**

Dé hAoine, an 17 Iúil 2026

…

**Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Tabhair do d'aire nach nglacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá iarratais á lorg ag **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post mar **Oifigeach Córais Bailiúcháin – Rochtain Dhigiteach agus Cáilíocht Sonraí (Coimeádaí Cúnta Grád II)** atá lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7 a líonadh. Is conradh trí bliana, lánaimseartha ar théarma seasta é seo. Beidh agallaimh oscailte iomaíocha á reáchtáil chun an post seo a líonadh.

## Cur Síos Gairid ar an bPost

Cuirfidh an tOifigeach Córas Bailiúcháin – Rochtain Dhigiteach agus Cáilíocht Sonraí le riar, forbairt agus tacaíocht shonraí bailiúcháin an Ard-Mhúsaeim agus na gcóras gaolmhar. Tacóidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis le hidir-inoibritheacht agus le forbairt shonraí bailiúcháin an Mhúsaeim trí úsáid a bhaint as caighdeáin mheiteashonraí idirnáisiúnta chomhaontaithe. Agus ról lárnach aige i mbainistiú faisnéise bailiúcháin, rochtain agus fionnachtain, oibreoidh an tOifigeach Córas Bailiúcháin – Rochtain Dhigiteach agus Cáilíocht Sonraí go dlúth le comhghleacaithe ar fud gach rannóige chun sonraí bailiúcháin a bhainistiú agus a sheachadadh dár lucht féachana.

Ba cheart eolas a bheith ag an iarrthóir a n-éireoidh leis ar bhainistiú digiteach faisnéise, ar riarachán an chórais, agus ar fhorbairt na gcóras bainistíochta bailiúcháin. Oibreoidh an tOifigeach Córas Bailiúcháin – Rochtain Dhigiteach agus Cáilíocht Sonraí ar thionscadail speisialta atá dírithe ar shonraí bailiúcháin an Ard-Mhúsaeim atá faoinár gcúram a riar, a sheachadadh agus a chur ar fáil. Oibreoidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis le comhghleacaithe chun a chinntiú go soláthróidh an Músaem faisnéis bailiúcháin atá so-aimsithe, cruinn agus inrochtana ar líne.

## TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an rannán folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna chun iarratas a dhéanamh:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.

- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin an Ard-Mhúsaeim chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

**Spriocdháta le haghaidh Iarratas**

## Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00 Dé hAoine, an 17 Iúil 2026

**Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais dhéanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**